# Nuacht Litir

Scoil Cholmcille
Ros a' Mhíl

# Nollaig 2023

## Fáilte!

Fáilte mhór roimh na gasúir nua i Naíonáin Bheaga!




Rebecca, Cathal, Micheál, Pádraig, Kaiser, Liam, Mason, Róisín. Tá siad uilig ag socrú isteach go deas!

Agus fáilte roimh Molly i Rang a 4!




## Turas Bio-Diversity 5/9/23



Bhí an-lá ag na hardranganna agus iad ar thuras chuig Gleannach Mhuireann. Fuair siad cuireadh ón gclár 'Blue Dots' a bhíonn faoi 'Local authority Water Programme' chun imscrúdú a dhéanamh ar an abhainn ansin. D'fhoghlaim siad an oiread faoi thruailliú agus ainmhí san abhainn. Bhain siad an-sult as!

## Damhsa ar an Sean Nós



Mar chuid de chlár Ealaín na Gaeltachta thosaigh na Na Naíonáin

damhsa ar an Sean Nós le Saoirse. Bhain siad an-sult as!

## Tras Tíre 26/9/23



Chuaigh rang a 3,4,5 agus 6 chuig rás ritheacht tras tíre i bPáirc An Rinn Mhóir. Bhí na gasúir in aghaidh gasúir ó scoileanna eile i nGaillimh. Rinne na gasúir an-iarracht agus chríochnaigh chuile dhuine an rás. Comghairdeas mór le Seán Mac Donnacha (R5) a chuaigh tríd go dtí Craobh na Gaillimhe. An chéad duine as an scoil seo ó a thosaigh muid i 2015!



## Ceardlann Ealaíne agus Aireachais

Ghlac Rang 1,2 agus 3 páirt i gceardlann speisialta thar dhá sheachtain. Rinne siad aireachas le Katie agus ealaín le Nuala. Rinne siad Mandalas álainn taobh amuigh !



## Turas chuig Ghairdín Bhríde 13/10/23 + 16/10/23



Chuaigh an scoil uile chuig Gairdín Bhríde thar ar dhá lá. Chuaigh Rang na Naoíonáin agus na mean ranganna ar siúlóid dúlra ag lorg comharthaí an Fhómhair. Rinne na hardranganna tuargnaimh agus cluichí difriúla bunaithe ar aire a thabhairt don timpeallacht.

## Bronnadh Seic 17/10/23




Tháinig grúpa ó Chlub Rothaíochta Cheantar na Oileáin isteach chugainn chun seic a bronnadh orainn. Bhailigh

siad airgead sa samhradh nuair a rinne siad rothaíocht urraithe as Rath Chairn go dtí Leitir Móir ar mhaithe leis an scoil. Bhailigh siad €5064!!! Tá muid fíor bhuíoch doibh!!

## Seachtain Mata 16/10/23



Bhí seachtain mata againn arís i mbliana. Rinne na gasúir go leor gníomhaí éagsúla idir toraíocht tasice agus cluichí mata. Bhí an-seachtain acu agus iad ag foghlaim i mbealach spraíúil ag an am céanna!




## Stáisiúin na Samhna 25/10/23



Thug an Naoínra cuairt orainn le stáisiúin Oíche Shamhna a dhéanamh linn. Bhí muid gnóthach ag déanamh ealine, cluichí agus bácáil. Bhí Rang a 6 dochréidte agus iad ag tabhairt cúnaimh le na gasúir beaga! Bhí an-spraoi againn leo!

## Oíche Shamhna 26/10/23



Ghléas na gasúir suas d' Oíche Shamhna. Bhí go leor culaith éagsúla ann! Bhí seó faisin againn agus cóisir bheag. Is breá le na gasúir an t-am seo den bhlain!

## SCC Rás 5k 27/10/23



Chuaigh Rang 4,5 agus 6 chuig SCC le páirt a ghlacadh sa rás 5K. Rinne chuile dhuine an-iarracht agus chríochnaigh chuile dhuine an rás! Fuair gach duine bonn agus T-Léine iontach agus bhí cóisir beag ag an scoil chomh maith! Tháinig Seán (R5) sa dara háit i rás na mbuachaillí bunscoile agus fuair sé dearbhan!

## Taispeántas Ealaíne 27/10/23

Chuaigh na naoíonáin agus rang 1,2,3 chuig taispeántas ealaíne a bhí ar siúl san Ionad, Leitir Móir. Bhí siad ag breathnú ar ealaín a rinne gasúir agus daoine áitiúla. Bhí muid an-bhródúil astu agus iad ag caint ar an gclár MolScéal!:

https://molsceal.ie/cuige-chonnacht/alt/?CID=6341906264112

## Oireachtas na Samhna



Déirigh le Luca (R6) an chéad áit i gcomórtas gallamh beirte san Oireachtas i mbliana. Comghairdeas, Luca!

## Cupán Craobh an Condae F19 15/11/23



Tháinig imreoirí agus bainisteoir foireann na Ceathrún Rua Faoi 19 isteach le na dhá chupán a bhuaigh siad le gairid. Bhí gaol ag  cuid de na imreoirí le cúpla dalta sa scoil agus iad a bhí an-bhródúil astu!

## Seachtain Eolaíochta



Bhí Seachtain Eolaíochta an-ghnóthach againn arís i mbliana. Bhí na gasúir gafa ag déanamh turgnamh ar scoil agus chuaigh na hArdranganna chuig an Bus BiOrbic chun a fháil amach faoi ola in úsáid sa teach.



## Lá Pitseamaí 24/11/23



Chuile bhliain ar lá an 'Toy Show' bíonn Lá Pitseamaí againn. Bhain na gasúir an-sásamh as a bheith gléasta suas in a gcuid pitseamaí eagsúla! Bhí seacláid the, marshmallows agus cookies acu!

## Biongó Mór 26/11/23



Mar chuid den feachtas airgid atá againn ar scoil bhí cluiche biongó ag an halla Ros a' Mhíl. Tháinig slua mór

agus rinne muid brabús €2847.05! Nar laga Dia sibh!

## Bailiúchán Pobal Siomón na Gaillimhe



Tá muid fíor bhuíoch as ucht na héarraí a tháinig isteach le haghaidh an bailiúchán do Galway Simon. Bhí Carol ón gcarthanacht istigh ag caint lena gasúir faoin jab atá aici agus na rudaí a bhíonn siad a dhéanamh don daoine bochta i nGaillimh. Bhain na gasúir an-tairbhe as.

## Molscéal 12/12/23

Bhí an comhlacht Molscéal ag an scoil chun ag labhairt linn maidir leis an bhfeachtas bailiúcháin airgid. Bhí na gasúir ag canadh cúpla amhrán Nollag dóibh agus bhí siad ag míniú faoin síneadh ar an scoil.

https://www.molsceal.ie/nua/alt/?CID=6343518546112

## Geamaireacht 13/12/23



Chuaigh na hArdranganna isteach chuig an Taidhbhearc le Sorcha (R6) a fheiceáil sa ngeamaireacht 'Fionn agus Clochán an Aifir'. Bhí múid an-bhródúil as Sorcha bhí sí thar cionn!!



## Tráth na gCeist




Mar chuid den bhfeachtas bailiúchán airgid, bhí dhá thráth na gceist againn an téarma seo. Míle buíochas le Niall Mac Con Iomaire agus Coiste na dTuismitheoirí iad seo a eagrú. Bhain muid an-sult astu!

## Cheolchoirm na Nollag 19/12/23



Bhí ceolchoirm fíor speisialta againn i mbliana. Rinne muid Dráma na Nollag don phobail ansin bhí ceolchoirm álainn againn sa séipéal. Bhí Cór Chos Fharraige, Brian Terry Mac Donnacha agus clann, Colm Jimmy Ó Curraoin, Na hEasógaí, Martin Mac Donnacha, Brónagh Ní Cheallacháin agus Gasúir na Scoile ag canadh ann! Bhí tarraingt den crannchur mór againn ina dhiadh sin thíos ag halla Ros a' Mhíl.

## Pictiúrlann 21/12/23



Chuaigh Rang Ciara, Síle agus Áine chuig an bpictiúrlann chun an scannán Wish a fheiceáil. Bhí an-lá acu agus iad ag ithe popcorn!!

## Bailiúchain Airgid



Tá 27,621.35 bailithe againn go dtí seo! Nár laga Dia sibh!!!!




***Ag guí Nollaig iontach oraibh ar fad!!***

***Foireann na Scoile***

Athoscailt na scoile: 8/1/24